

## **POLASAÍ MAOIRSEACHTA**

### **Réamh ráiteas**

Chuir Foireann an Scoile an polasaí seo le chéile agus cuireadh é chuig Choiste na dTuismitheoirí agus chuig gach ball den Bhord Bainistíochta chun aischothú a fháil.

### **Réasúnaíocht**

An aidhm atá againn ná suíomh sábháilte a chur ar fáil chun gur féidir leis na páistí atá faoin ár gcúram foghlaim agus súgradh a dhéanamh. Mar mhúinteoirí, glacaimid leis an dualgas cúraim a chuirtear orainn. I nGaelscoil Cois Feabhail, déanaimid gach iarracht a chinntiú go ndéantar maoirseacht chuí ar na páistí faoin ár gcúram.

### **Rólanna agus Freagrachtaí**

Tá dualgas ar Phríomhoide na Scoile Sceideal Maoirseachta a dhréachtadh agus a choimeád suas chun dáta, agus na daoine liostaíthe ar an sceideal a chur ar an eolas faoi. Sa chás go mbíonn duine as láthair ar bhonn pleanáilte déanann an duine sin socrú leis an chéad duine eile ar an liosta an dualgas maoirseachta a mhalartú leis/léi. Sa chás go bhfuil duine as láthair gan choinne, déanann an Príomhoide cinnte de go ndéanann an chéad duine eile ar an liosta an dualgas.

### **Ráiteas Polasaí**

Le linn sosa bíonn múinteoir amháin i mbun maoirseachta sa chlós. Má bhíonn an lá fliuch, fanann gach múinteoir ina seomra ranga.. Déantar na Rialacha maidir leis an chlós a aithbhreithniú go rialta, agus meabhraítear do na páistí fúthu. Bíonn cóip scríofa de na rialacha cuí fógraithe i ngach seomra ranga. Nuair a bhíonn na páistí taobh amuigh fanann an Maor sa chlós leis na ranganna go dtí go dtagann an múinteoir ranga chun gach rang a bhailiú.

Beidh an scoil ar oscailt chun páistí a ligint isteach ag 9.10 r.n. Ní ghlactar freagracht as chúram páistí a thagann níos luaithe ná sin ach amháin páistí a thagann ar bhus. Tagann na páistí díreach go dtí an seomra mhór sa chlub theach agus téann siad go dtí an seomra ranga lena múinteoir. Cuirtear tús le ranganna gach lá ag 9.30 r.n. Bíonn deireadh le ranganna ag 2.00 i.n. (naíonáin) agus 3.00 i.n. (na ranganna eile ar fad). Déanann múinteoirí cinnte de go gcuirtear deireadh leis an lá scoile go hordúil, agus nach mbíonn aon duine fágtha ins na seomraí ranga. Más mian le tuismitheoirí go ndéanfaí a gcuid páistí a thionlacan abhaile, ba chóir dóibh féachaint chuige go dtagann duine go dtí doras an seomra ranga chun iad a bhailiú, roimh 2.00 p.m. i gcás na Naíonán agus go dtí geata na scoile roimh 3.00 i.n. i gcás na ranganna eile. Ní féidir leis an scoil a bheith freagrach as chúram páistí níos déanaí ná sin.

### **Daingniúcháin**

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_  
Cathaoirleach

\_\_\_\_\_  
Dáta

Athbhreithniú: \_\_\_\_\_